Mo Chaitheamh Aimsire

Tasc A

Rólimirt

Beidh tú féin agus do chara ag caint faoin chaitheamh aimsire is fearr libh. Beidh sibh ag roinnt eolais faoi na gníomhaíochtaí difriúla a bhfuil dúil agaibh iontu taobh amuigh d'am scoile.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag an bheirt agaibh na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **An bhfuil caitheamh aimsire ar bith agat taobh amuigh den scoil?**
2. **Déan cur síos ar an chaitheamh aimsire is fearr leat? Cén fáth a dtaitníonn sé leat?**
3. **Cá mhéad uair sa tseachtain a chaitheann tú ar do chaitheamh aimsire?**
4. **An gcaithfidh tú cleachtadh a dhéanamh ar do chaitheamh aimsire gach lá?**
5. **Cén aois a thosaigh tú ar an chaitheamh aimsire seo den chéad uair?**
6. **An bhfuil culaith nó éadaí ar leith a chuireann tú ort? Cuir síos orthu.**
7. **An dóigh leat go leanfaidh tú ort le do chaitheamh aimsire ar feadh tamall eile?**
8. **An bhfuil suim agat i ngníomhaíochtaí eile a dhéanamh taobh amuigh de na cinn atá a dhéanamh agat faoi láthair? Má tá, ainmnigh iad.**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Mo chaitheamh aimsire
- Ag imirt peile/Ag imirt camógaíochta/Ag imirt iománaíochta/Ag imirt liathróid láimhe
- Ag imirt cispheile/líonpheile
- Ag seinm ceoil
- Ag seinm ar an fheadóg stáin/ar an fhidil/ar an phianó
- Ceachtanna snámha
- Bím ag dornálaíocht
- Ranganna gleacaíochta
- Ranganna drámaíochta
- Ranganna garraíodóireachta
- Bím ag traenáil cúpla uair sa tseachtain.
- Bím ag cleachtadh ar feadh 20 bomaite gach lá.
- Bíonn orm culaith ar leith a chaitheamh.
- Taitníonn comhluadar páistí eile liom.
- Lán spraoi
- Coinníonn an spórt folláin mé.
- Is féidir leis na gníomhaíochtaí bheith tuirsiúil.
- Bíonn cluiche agam uair sa tseachtain.
- Bím ag seinm i gceolchoirmeacha agus os comhair lucht féachana.
- Taitníonn sé liom bheith ar an ardán/bheith ag léamh/bheith ag rothaíocht.
- Ag rith ar nós na gaoithe/le cosa in airde.
- clogad/camán/sliotar
- Cleachtadh a dhéanann máistreacht.
- Tá féith an cheoil/an spóirt/na drámaíochta ann.

© CCEA 2022

Mo Chaitheamh Aimsire

Seanfhocail

Nuair a stadann an ceol, stadann an rince.
Is fearr an tsláinte ná na táinte.

Rabhlóga

Bhí bean ag Joe
Is bhí bainseó ag Joe
Is bhí bainseó ag bean Joe
B'fhearr go deo Joe ar an bhainseó
Ná bean Joe ar an bhainseó go deo.

Tasc B

1. Rabhlóg

Déan cleachtadh le do chara ar an rabhlóg atá thuas. Déan do dhícheall í a fhoghlaim de ghlanmheabhair. Faigh píosa páipéar A4 nó A3. Bain úsáid as marcóirí nó as pinn dhaite leis an rabhlóg a scríobh amach ar bhealach tarraingteach. Maisigh thart ar an rabhlóg le híomhánna a chuireann síos ar an rabhlóg. Cuir an rabhlóg i láthair os comhair an ranga nó os comhair do ghrúpa.

2. An Caitheamh Aimsire is Ansa liom

- Scríobh síos ainm do chaithimh aimsire i lár an leathanaigh. Cuir ciorcal thart air. Is féidir pinn dhaite a úsáid más fearr leat.
- Anois, cosúil le meabhairmhapa, scríobh eolas faoi do chaitheamh aimsire. Cuimhnigh ar línte a tharraingt ón teideal.
- Is féidir leat íomhánna a úsáid chomh maith in aice leis an eolas a scríobhann tú.
- Bain úsáid as an oiread dathanna is féidir le cuma dhathúil a chur ar an mheabhairm-hapa.
- Labhair le do chara faoin méid atá déanta agat.

© CCEA 2022